Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht O-000077/2017
ar an gCoimisiún
Rule 130b
Alain Cadec
thar ceann An Coiste um Iascach

Ábhar: Trasnáil mhór - Díospóid idir AE agus an Iorua maidir le hiascach portán sneachta in Svalbard

Déantar ceart rochtana ar acmhainní Svalbard a ráthú le clásal neamh-idirdhealaitheach Chonradh Pháras 1920, a bhfuil formhór na mBallstát ina gcomhpháirtithe ann. Mar sin féin, tá cosc ar oibriú in Svalbard á chur ag údaráis na hIorua ar thrálaeir AE atá ag iascach portáin sneachta faoi cheadúnais bhailí AE. Coinníodh soitheach amháin de chuid na Laitvia ar feadh na míonna agus gearradh fíneáil EUR 200 000 air.

Rinne an Chomhairle cinneadh deighleog a chruthú le haghaidh iascach portán sneachta in Svalbard bunaithe ar mholtaí ón tSeirbhís Dlí, agus tugadh údarás do na Ballstáit ceadúnais iascaireachta a eisiúint. Agus iad ag cur muinín i reachtaíocht AE, rinne úinéirí soitheach infheistíochtaí móra, ach anois níl siad in ann iascaireacht a dhéanamh mar nach n-aithníonn an Iorua na ceadúnais AE sin.

Is mór an náire, dár linn, nár dhaingean go leor iarrachtaí caibidlíochta an Choimisiúin le roinnt míonna anuas. Níor éirigh leo aon torthaí a bhaint amach don chabhlach de chuid an Aontais atá buailte leis agus a bhfuil féimheacht agus caillteanas na gcéadta post ag bagairt air.

1. Conas a bheartaíonn an Coimisiún leanúint ar aghaidh chun réiteach cothrom a fháil chun gur féidir le soithigh AE portáin sneachta a iascach in Svalbard?

2. Cén gníomh a mholfaidh an Coimisiún don Chomhairle le haghaidh 2018?

3. An gcuirfidh an Coimisiún iascach portán sneachta ar áireamh sna comhairliúcháin bhliantúla idir an tAontas agus an Iorua mar fho-phrótacal ar leith eisiata ó na cuótaí éisc, ach trádáilte ar chearta rochtana? Mura gcuirfidh, cén fáth nach gcuirfidh?